| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - meáchan<br>Uimhreas - oibríochtaí, codáin, deachúlacha agus céatadáin<br>Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, OSPS* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé; fadhbanna a phlé agus anailísí a chur i gcrích<br>• Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ríomh, céatadán, meáchan, graim, cileagram, deachúlach, is troime, is éadroime, meáigh, meá, tuar, fiosraigh, meas, codán, iomlán, glanmheáchan, meáchan silte, ollmheáchan |
| **Áiseanna** | bia triomaithe, pacáistíocht, trealamh meáite, suíomhanna/ bileoga siopadóireachta, málaí siopadóireachta, ábhair chun graif/táblaí a chruthú |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo fiosraíonn daltaí meáchain agus comhthéacs siopadóireacht bhia in úsáid acu.

1 **Gníomhaíocht 1**

Tarraing aird na ndaltaí ar phacáistíocht bhia. Is féidir na sneaiceanna a itheann siad ag am sosa nó ag am lóin, bileoga bolscaireachta siopadóireachta, nó suíomhanna siopadóireachta ar líne a úsáid. Iarr orthu féachaint ar na meáchain priontáilte ar na lipéid. Conas atá siad scríofa? Cad a chiallaíonn na giorrúcháin dhifriúla?

2 **Gníomhaíocht 2**

Tugann na daltaí cineálacha éagsúla de bhia triomaithe isteach is féidir a mheá go héasca. Meá ranga agus trealamh meáite eile in úsáid acu, folmhaíonn daltaí a bhfuil sa phacáistíocht bhia, agus meánn siad chun a fháil amach an bhfuil an meáchan ceart ag teacht leis na méideanna scríofa ar na lipéid. Iarr orthu na difríochtaí idir na hearraí agus brandaí difriúla a chur i gcomparáid, agus an tslí a bhfuil an meáchan iomlán difriúil leis an meáchan ceart. Pléigh na téarmaí glanmheáchan, meáchan triomaithe agus ollmheáchan.

3 **Gníomhaíocht 3**

Fiosraíonn daltaí lipéid dhifriúla bia agus a gcuid meáchan agus iad ag cur eolais beathaithe i gcomparáid maidir le hearraí. Mar shampla, d'fhéadfaidís luachanna difriúla cothaitheacha de bhrandaí difriúla gránaigh a fhiosrú, meáchain de shiúcra, salann, snáithín agus sail srl. a chur i gcomparáid, mar chéatadán nó codán den mheáchan iomlán.

4 **Gníomhaíocht 4**

Déanann daltaí turgnamh a phleanáil agus a chur i gcrích chun a fháil amach na meáchain atá cineálacha difriúla málaí siopadóireachta ábalta a sheasamh. Mar shampla, mála páipéir, mála plaisteach agus mála plaisteach in-athúsáidte. Tuarann siad cé acu mála is troime agus tugann siad meastachán ar an meáchan a bheidh an mála ábalta a sheasamh. Is féidir leo na cineálacha céanna málaí ó shiopaí éagsúla a chur i gcomparáid. Spreag iad chun a chinntiú go bhfuil an scrúdú cothrom agus chun a dtorthaí a thaifeadadh agus a chur i láthair.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén mála a bheidh ábalta an meáchan is mó a sheasamh, do thuairim? Cén fáth?<br>• Cad é a rinne tú chun a chinntiú go bhfuil do thástáil cothrom?<br>• Cén fáth ar shocraigh tú do thorthaí a chur i láthair mar seo?<br>• Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann le hollmheáchan amháin priontáilte ar phacáistíocht?<br>• Agus tú i mbun siopadóireachta, an féidir leat smaoineamh ar bhealaí eile chun glanmheáchan uasta a chinntiú agus tú ag ceannach rudaí? | • Cad é meáchan an bhia i bpacáiste X?<br>• Cén branda de _____ a bhfuil an meáchan is troime ann?<br>• Cad é an difear idir glanmheáchan agus ollmheáchan?<br>• Cén mála siopadóireachta a bhí ábalta an méachan is mó a sheasamh?<br>• Cén codán/céatadán den mheáchan iomlán é salann/siúcra/saille/snáithín srl.? |

## Difreáil

Socraigh meáchan/líon na n-earraí le meá de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.